A mheic, ná meabhraigh éigse
[O'Conor Don, 403a]
Mathghamhuin Ó hIofarnáin
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 A mhic na meabhraigh éigsi
cerd do tshen rod roitréig-si
tus anora ger dhúal di
fa túar anshogha an éigsi.
2 Na len di [leg. do] díogha ceirde
na cum re [leg. do?] grés nGhaoidheilge
dán snasda as fúarfhoirfe fáth
gasda nuaidhoirce nemhghnáth.
3 Rabháin gnáth bríatra bhoga
nach beg a mbeith comhfhoda
cum go réidh gan ró casuidh
mó do chéim ón ccuma-soin.
4 Na mol áoinfher na háor fer
da molair na mol Gháoidheal
túar foladh d'áoinfer lérbh áil
moladh Gaoidheal do gabháil.
5 Sgar riú na riomh a n-aitecht
na cuimhnigh a ccroinicecht
iúl molta Gáoideal na gabh
gach aoinfer rompa ríomhtur.
6 Mar sin nach searbh do lábra
céim arduighthe th'agallma
riomh a cclu a cceimionnuibh ceil
cru gach Éirionnuigh ísleigh.
7 An mhaith do bhí na bí dhi
an mhaith a-ta tair(r) thair-si
molaidh clú gasraidhe Gall
ós rú as casmhaile comann.
8 Maicne Míledh clann[a] Cuinn
nert aca a-rís da n-abruinn
brég thairrngire do thuair sinn
na lúaigh ainbfine a nÉirinn.
9 Fine Luirc na clanna Carrthaigh
riú sin abair allmurruig
a ccrich Fhloinn fán(a) míne múir [403b]
na sloinn ríghe da rochtuin.
10 Fine Chais nár chlecht éra
leig seachad a seinsgéala
gach nech dhiobh díslighter lat
íslighter síol na sáorshlat.
11 Léig tar ceal cuímhne a nemhuilc
sdór filedh fuil ríGeruilt
nar thuill goradh do grádh cruidh
dán dá moladh na méabhruidh.

12 Na cuimhnigh Conn na ccéd ccath
léig a n-imshniomh Niall mac Ethach[a, s]
frémha shí(o)l chiniodhnáir Chuinn
rí(o)gh dob iniomráidh edruinn.
13 Muna maith le nech a-nois
tréighe na tuigsi eólois
ní mac sámhla d’fál fa ar
ca tarbha dán do dhénamh. A mhic...